Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Márta 2023**
**(OR. en)**

**7099/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0066 (NLE)**

**UK 32**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste arna bhunú leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach a mhéid a bhaineann le cinneadh atá le glacadh, agus le moltaí agus dearbhaithe comhpháirteacha agus aontaobhacha atá le déanamh |

**CINNEADH (AE) 2023/...ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste arna bhunú leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach a mhéid a bhaineann le cinneadh atá le glacadh, agus le moltaí agus dearbhaithe comhpháirteacha agus aontaobhacha atá le déanamh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 50(2) de,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ('an Comhaontú um Tharraingt Siar') i gcrích le Cinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle[1] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020.

(2) Le hAirteagal 164(5)(d) den Chomhaontú um Tharraingt Siar tugtar de chumhacht don Chomhchoiste arna bhunú faoi Airteagal 164 (1) de cinntí a ghlacadh lena leasaítear an Comhaontú sin, ar choinníoll gur gá na leasuithe sin chun earráidí a cheartú, chun aghaidh a thabhairt ar neamhghníomhartha nó ar easnaimh eile, nó chun aghaidh a thabhairt ar chásanna nach raibh coinne leo nuair a síníodh an Comhaontú, seachas i ndáil le Cuid a hAon, Cuid a Ceathair agus Cuid a Sé den Chomhaontú um Tharraingt Siar, agus ar choinníoll nachbhféadfaidh na cinntí sin eilimintí ríthábhachtacha an Chomhaontaithe a leasú.

(3) Le hAirteagal 166(1) den Chomhaontú um Tharraingt Siar tugtar de chumhacht don Chomhchoiste cinntí a ghlacadh i leith na n-ábhar uile dá bhforáiltear sa Chomhaontú sin agus moltaí iomchuí a chur chuig an Aontas agus an Ríocht Aontaithe. De bhun Airteagal 166(2) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, tá na cinntí arna nglacadh ag an gComhchoiste ina gceangal ar an Aontas agus ar an Ríocht Aontaithe, agus tá an Aontas agus an Ríocht Aontaithe leis na cinntí sin a chur chun feidhme, a bhfuil an éifeacht dhlíthiúil chéanna acu agus atá ag an gComhaontú um Tharraingt Siar. Foráiltear le hAirteagal 166(3) den Chomhaontú um Tharraingt Siar gur de chomhthoil a dhéanfar moltaí.

---

[1] Cinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle an 30 Eanáir 2020 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO L 29, 31.1.2020, lch. 1).

(4) I gcomhréir le hAirteagal 182 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, is dlúthchuid den Chomhaontú sin an Prótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann (‘an Prótacal’).

(5) Is iomchuí don Aontas agus don Ríocht Aontaithe Dearbhú Comhpháirteach a thabhairt sa Chomhchoiste á rá go dtagróidh siad, i gcás inarb ábhartha ina ngnóthaí faoin gComhaontú um Tharraingt Siar, ar bhealach atá comhsheasmhach le ceanglais na deimhneachta dlíthiúla, don Phrótacal arna leasú mar ‘Creat Windsor’, agus go bhféadfaidh siad tagairt a dhéanamh ar an mbealach céanna don Phrótacal arna leasú ina reachtaíocht bhaile.

(6) Ag féachaint d’imthosca sonracha i dTuaisceart Éireann, is gá foráil a dhéanamh gur cheart don Aontas agus don Ríocht Aontaithe a ndícheall a dhéanamh chun a áirithiú gur cheart socruithe sonracha maidir le gluaiseacht earraí laistigh de mhargadh inmheánach na Ríochta Aontaithe a áireamh sna héascuithe ar an trádáil idir Tuaisceart Éireann agus codanna eile den Ríocht Aontaithe, socruithe atá comhsheasmhach le seasamh Thuaisceart Éireann mar chuid de chríoch chustaim na Ríochta Aontaithe i gcomhréir leis an bPrótacal sin, i gcás ina bhfuil na hearraí ceaptha lena dtomhailt deiridh nó lena n-úsáid deiridh i dTuaisceart Éireann agus i gcás ina bhfuil na coimircí is gá i bhfeidhm chun sláine mhargadh inmheánach agus aontas custaim an Aontais a chosaint. Dá bhrí sin, ba cheart an Prótacal a leasú dá réir sin.

(7) Ba cheart don Aontas a thabhairt dá aire Dearbhú Aontaobhach na Ríochta Aontaithe sa Chomhchoiste ina leagtar amach an cleachtas atá beartaithe aici a chur ar bun a mhéid a bhaineann le gluaiseacht earraí ó Thuaisceart Éireann chuig codanna eile den Ríocht Aontaithe.

(8) Ba cheart don Aontas a thabhairt dá aire freisin Dearbhú Aontaobhach na Ríochta Aontaithe sa Chomhchoiste ina leagtar amach an cleachtas atá beartaithe aici a chur ar bun a mhéid a bhaineann le gníomhaíochtaí faireachais margaidh agus forfheidhmiúcháin.

(9) Is gá comhar feabhsaithe a áirithiú idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas, agus idir an Ríocht Aontaithe agus údaráis na mBallstát i gcás inarb iomchuí, chun taca a chur faoi na socruithe sonracha atá beartaithe le gníomhaíocht éifeachtach faireachais margaidh agus forfheidhmiúcháin. Dá bhrí sin, ba cheart don Chomhchoiste moladh a dhéanamh lena ndéanfaí foráil maidir leis an gcomhar feabhsaithe sin agus lena leagfaí amach go bhféadfaí comhroinnt eolais, malartú faisnéise, obair le hoibreoirí agus gníomhaíocht chomhpháirteach a chuimsiú sa chomhar.

(10) Agus imthosca sonracha i dTuaisceart Éireann á gcur san áireamh, lena n-áirítear a áit lárnach i margadh inmheánach na Ríochta Aontaithe, ba cheart leasuithe áirithe a dhéanamh ar Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an bPrótacal. Níor cheart rioscaí calaoise fioscaí ná aon saobhadh iomaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann tarlú mar thoradh ar chur i bhfeidhm na leasuithe sin. Níor cheart rioscaí do mhargadh inmheánach an Aontais, ná do mhargadh inmheánach na Ríochta Aontaithe, a chruthú le cur chun feidhme na leasuithe sin i dTuaisceart Éireann, agus go háirithe le cur chun feidhme na scéime speisialta maidir le ciandíol earraí a allmhairíodh ó thríú críocha agus tríú tíortha, ná níor cheart ualaí míchuí a chur ar ghnólachtaí a oibríonn i dTuaisceart Éireann leo. Chun raon feidhme cur i bhfeidhm gníomhartha áirithe atá liostaithe cheana in Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an bPrótacal maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i leith Thuaisceart Éireann a shoiléiriú, ba cheart dhá nóta a chur leis an Iarscríbhinn sin. D'fhonn aghaidh a thabhairt ar easnaimh bhreise a d'fhéadfadh a bheith ann nó ar imthosca gan choinne, agus chun a áirithiú go bhféadfaí aon nóta eile lena sonraítear an bealach ina bhfuil feidhm ag gníomhartha an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn 3 maidir leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann a chur leis an Iarscríbhinn sin tráth ar bith, ba cheart foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht sin.

(11) Ba cheart don Aontas agus don Ríocht Aontaithe Dearbhú Comhpháirteach a dhéanamh sa Chomhchoiste maidir leis an gcóras CBL d'earraí nach bhfuil i mbaol le haghaidh mhargadh inmheánach an Aontais agus maidir leis na socruithe CBL le haghaidh aisíocaíochtaí trasteorann. Leis an dearbhú sin, gheallfadh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht nótaí a chur isteach lena soiléireofaí raon feidhme cur i bhfeidhm gníomhartha áirithe a liostaítear in Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an bPrótacal. Bhainfeadh an chéad nóta le cur i bhfeidhm na rátaí a leagtar síos i dTreoir 2006/112/CE ón gComhairle[1] agus bheadh liosta earraí ann a bheadh, de réir a gcineáil agus de réir na gcoinníollacha faoina soláthraítear iad, faoi réir a dtomhailte deiridh i dTuaisceart Éireann agus ina gcás nach mbeadh tionchar diúltach ar mhargadh inmheánach an Aontais i bhfoirm rioscaí calaoise fioscaí nó saobhadh iomaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann ag cur i bhfeidhm rátaí éagsúla. Ba cheart don Aontas agus don Ríocht Aontaithe a léiriú freisin go bhfuil siad toilteanach meastóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar liosta den sórt sin go tráthrialta. Bhainfeadh an dara nóta leis na socruithe CBL atá ann faoi láthair le haghaidh aisíocaíochtaí trasteorann faoi dhlí an Aontais is infheidhme dá dtagraítear in Airteagal 8 den Phrótacal.

1 Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 347, 11.12.2006, lch. 1).

(12) Chun éifeachtacht Airteagal 8 den Phrótacal a áirithiú, ba cheart don Aontas agus don Ríocht Aontaithe faisnéis a mhalartú ar bhealach struchtúrtha agus aon saincheist a eascraíonn as cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm Airteagal 8 den Phrótacal sin a phlé ar bhealach struchtúrtha, lena n-áirítear athruithe tábhachtacha a bheartaítear sa chreat reachtach is infheidhme san Aontas agus sa Ríocht Aontaithe i réimsí CBL agus máil a bhaineann le hearraí. Dá bhrí sin, is iomchuí foráil a dhéanamh i gCinneadh ón gComhchoiste maidir le cruinnithe speisialta den Choiste Speisialaithe um saincheisteanna a bhaineann le cur chun feidhme an Phrótacail maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann ('an Coiste Speisialaithe') mar shásra comhordúcháin feabhsaithe chun go mbeidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe in ann aon saincheist a bhaineann le feidhmiú an Phrótacail i réimsí CBL agus máil a shainaithint agus a phlé agus gníomhaíocht iomchuí a mholadh, de réir mar is gá.

(13) Chun raon feidhme chur i bhfeidhm Airteagal 10(1) den Phrótacal a shoiléiriú a tuilleadh, is iomchuí don Aontas agus don Ríocht Aontaithe comhthuiscint a leagan amach maidir leis na coinníollacha le haghaidh státchabhair arna deonú ag údaráis na Ríochta Aontaithe a bheith faoi raon feidhme Airteagal 10(1), go háirithe a mhéid a bhaineann leis an bhfíornasc díreach le Tuaisceart Éireann. Dá bhrí sin, is iomchuí don Aontas agus don Ríocht Aontaithe Dearbhú Comhpháirteach a dhéanamh sa Chomhchoiste chuige sin.

(14) Chun aghaidh a thabhairt ar chás ina ndéanann gníomh sonrach de chuid an Aontais lena leasaítear nó lena n-ionadaítear gníomh dá dtagraítear sa Phrótacal athrú suntasach ar ábhar nó ar raon feidhme an ghnímh sin de réir mar is infheidhme roimh a leasú nó a ionadú agus i gcás ina mbeadh tionchar suntasach ag cur i bhfeidhm an ghnímh de chuid an Aontais arna leasú nó arna ionadú amhlaidh i dTuaisceart Éireann ar shaol laethúil pobal i dTuaisceart Éireann ar bhealach ar dócha go leanfar de, is gá sásra coscáin éigeandála a bhunú lena gcuirtear ar a chumas do 30 Comhalta den Tionól Reachtach i dTuaisceart Éireann ó dhá pháirtí ar a laghad (agus gan an Ceann Comhairle agus na Leas-Chinn Chomhairle san áireamh), faoi gach ceann de na coinníollacha a leagtar amach i mír 1 den dréacht-Dearbhú Aontaobhach ón Ríocht Aontaithe maidir le rannpháirtíocht institiúidí Chomhaontú Aoine an Chéasta nó Bhéal Feirste an 10 Aibreán 1998 idir Rialtas na Ríochta Aontaithe, Rialtas na hÉireann agus na rannpháirtithe eile sa chaibidlíocht ilpháirtí (‘Comhaontú 1998’) a chuirtear i gceangail leis an gCinneadh Comhchoiste atá beartaithe lena leasaítear an Prótacal, aghaidh a thabhairt ar an gcás thuasluaite. Foráiltear leis na coinníollacha sin, *inter alia*, gur féidir an fógra a thabhairt sna himthosca is eisceachtúla agus mar rogha dheireanach, agus gur iarr Comhaltaí den Tionól Reachtach plé substainteach roimh ré le Rialtas na Ríochta Aontaithe agus laistigh d’Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann chun gach féidearthacht i ndáil le gníomh an Aontais a scrúdú. I gcás ina mbeidh fógra tugtha ag an Ríocht Aontaithe don Aontas chuige sin, ní bheadh feidhm ag gníomh an Aontais arna leasú nó arna ionadú leis an ngníomh sonrach de chuid an Aontais maidir leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann de bhun Airteagal 13(3) den Phrótacal. Ina ionad sin, níor mhór gníomh an Aontais arna leasú nó arna ionadú leis an ngníomh sonrach de chuid an Aontais a chur leis an Iarscríbhinn ábhartha a ghabhann leis an bPrótacal i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 13(4) de. Dá bhrí sin, ba cheart an Prótacal a leasú dá réir sin.

(15) I gcás ina mbeidh an fógra dá dtagraítear in Airteagal 13, mír 3a, an chéad fhomhír den Phrótacal nua mar atá beartaithe tugtha ag an Ríocht Aontaithe don Aontas, ach i gcás ina rialóidh painéal eadrána nár chomhlíon an Ríocht Aontaithe na coinníollacha maidir le fógra den sórt sin a leagtar síos sa tríú fomhír den mhír sin, ba cheart an rialú sin ón bpainéal eadrána a chomhlíonadh go pras. Dá bhrí sin, ba cheart don Chomhchoiste moladh a dhéanamh lena bhforáiltear do chomhlíonadh pras den sórt sin. Ba cheart an méid sin a bheith bunaithe ar an gcomhthuiscint gur cheart comhlíonadh pras a bhaint amach ar an mbealach céanna i gcás nár chomhlíon an Ríocht Aontaithe a hoibleagáidí maidir le meon macánta faoi Airteagal 5 den Chomhaontú um Tharraingt Siar tríd an bhfógra sin a thabhairt agus gan gach ceann de na coinníollacha a leagtar amach i mír 1 den Dearbhú Aontaobhach ón Ríocht Aontaithe maidir le rannpháirtíocht institiúidí Chomhaontú 1998, atá i gceangal le Cinneadh [XX]/2023 ón gComhchoiste, a bheith comhlíonta.

(16) Ba cheart don Aontas agus don Ríocht Aontaithe a aithint go bhfuil fógra na Ríochta Aontaithe faoin Airteagal 13(3a) nua atá beartaithe den Phrótacal le tabhairt faoi gach ceann de choinníollacha mhír 1 de dhearbhú aontaobhach na Ríochta Aontaithe maidir le rannpháirtíocht institiúidí Chomhaontú 1998 chun go ndéanfar é de mheon macánta, i gcomhréir le hAirteagal 5 den Chomhaontú um Tharraingt Siar. Is iomchuí a shoiléiriú freisin trí dhearbhú comhpháirteach gur cheart, i gcás ina rialaíonn painéal eadrána gur theip ar an Ríocht Aontaithe Airteagal 5 den Chomhaontú um Tharraingt Siar a chomhlíonadh i ndáil le fógra a thabhairt don Aontas lena gcuirtear an sásra i ngníomh, comhlíonadh an rialaithe ón bpainéal eadrána a bhaint amach go pras.

(17) Ba cheart don Aontas agus don Ríocht Aontaithe lánúsáid a bhaint as na comhchomhlachtaí arna mbunú leis an gComhaontú um Tharraingt Siar chun maoirseacht a dhéanamh ar a chur chun feidhme. Féadfaidh an Coiste Speisialaithe malartú tuairimí a cheadú i ndáil le haon reachtaíocht de chuid na Ríochta Aontaithe amach anseo maidir le hearraí atá ábhartha d'fheidhmiú an Phrótacail. Chuige sin, féadfaidh an Coiste Speisialaithe teacht le chéile i gcomhdhéanamh sonrach, is é sin an Sainchomhlacht um Earraí, chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an reachtaíocht sin a bheidh ann amach anseo i dTuaisceart Éireann, agus chun aon deacracht phraiticiúil atá i gceist a thuar agus a phlé. Réiteodh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe aon saincheist maidir le feidhmiú an Phrótacail ar an mbealach is fearr agus is gasta is féidir. Dá bhrí sin, is iomchuí don Aontas agus don Ríocht Aontaithe Dearbhú Comhpháirteach a ghlacadh sa Chomhchoiste chuige sin.

(18) Ba cheart don Aontas a thabhairt dá aire Dearbhú Aontaobhach na Ríochta Aontaithe sa Chomhchoiste maidir leis an sásra um thoiliú daonlathach in Airteagal 18 den Phrótacal, ag meabhrú dó cúraimí an Chomhchoiste faoi Airteagal 164 den Chomhaontú um Tharraingt Siar.

(19) Léiríodh gur gá raon feidhme na dtrádálaithe atá incháilithe chun earraí nach bhfuil i mbaol a aistriú ó chodanna eile den Ríocht Aontaithe go Tuaisceart Éireann dá dtagraítear i gCinneadh Uimh. 4/2020 ón gComhchoiste[1] a leathnú. Go háirithe, ba cheart coinníollacha nua a bhunú chun a mheas nach bhfuil earraí faoi réir próiseáil tráchtála lena n-áirítear tríd an tairseach láimhdeachais bliantúil a mhéadú d'oibreoirí chun a mheas nach próiseáil tráchtála é próiseáil earraí ag na hoibreoirí sin, gan beann ar a n-earnáil gníomhaíochta. Thairis sin, ba cheart cead a bheith ag oibreoirí arna mbunú i gcodanna eile den Ríocht Aontaithe cloí leis an scéim trádálaithe iontaofa atá mar bhonn taca leis na socruithe maidir le hearraí nach bhfuil i mbaol a aistriú. Ba cheart na coinníollacha sonracha maidir le húdarú trádálaithe iontaofa a leagan amach ar bhealach níos mionsonraithe, rud a áiritheoidh go mbeidh coimircí níos láidre ag gabháil leis na héascuithe custaim a thugtar do thrádálaithe iontaofa agus d'iompróirí údaraithe agus iad ag aistriú earraí nach bhfuil i mbaol ó chodanna eile den Ríocht Aontaithe go Tuaisceart Éireann, ar éascuithe iad atá le leagan síos i leasuithe spriocdhírithe ar ghníomhartha ábhartha an Aontais.

(20) Ina theannta sin, ba cheart rialacha a leagan síos chun na coinníollacha a shonrú faoinar féidir a mheas nach bhfuil earraí a sheoltar i mbeartáin ó chodanna eile den Ríocht Aontaithe go Tuaisceart Éireann i mbaol i gcás ina seachadtar na beartáin sin chuig daoine príobháideacha a bhfuil cónaí orthu i dTuaisceart Éireann agus i gcás gur iompróirí údaraithe é a thugann isteach i dTuaisceart Éireann iad.

---

1 Cinneadh Uimh. 4/2020 ón gComhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 17 Nollaig 2020 maidir le cinneadh earraí nach bhfuil i mbaol [2020/2248] (IO L 443, 30.12.2020, lch. 6).

(21) Ba cheart don Aontas a thabhairt dá aire Dearbhú Aontaobhach na Ríochta Aontaithe sa Chomhchoiste ina leagtar amach an cleachtas atá beartaithe aici a chur ar bun chun gníomhaíocht forfheidhmiúcháin a bhaineann le hearraí a aistrítear i mbeartáin ó chuid eile den Ríocht Aontaithe go Tuaisceart Éireann a neartú.

(22) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bhunú a mhéid a bhaineann le cinneadh atá le glacadh, agus moltaí agus dearbhuithe comhpháirteacha agus aontaobhacha atá le déanamh.

(23) Ba cheart, dá bhrí sin, seasamh an Aontais sa Chomhchoiste a leagan amach sa dréacht chinneadh agus sna dréacht mholtaí atá i gceangal leis seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste arna bhunú le hAirteagal 164 den Chomhaontú um Tharraingt Siar ('an Comhchoiste') a mhéid a bhaineann le Cinneadh atá le glacadh agus Moltaí áirithe atá le déanamhag an gComhchoiste, leagtar amach é sa dréacht chinneadh agus sna dréacht mholtaí atá i gceangal in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal* 2

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a mhéid a bhaineann le Dearbhuithe Comhpháirteacha áirithe atá le déanamh ag an Aontas agus ag an Ríocht Aontaithe sa Chomhchoiste, leagtar amach é sna dréacht-Dearbhuithe Comhpháirteacha atá i gceangal le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 3*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a mhéid a bhaineann le Dearbhuithe Aontaobhacha áirithe atá le déanamh ag an Ríocht Aontaithe sa Chomhchoiste agus atá i gceangal le hIarscríbhinn 3 a ghabhann leis an gCinneadh seo i ndréachtfhoirm na Dearbhuithe sin a thabhairt dá aire. I ndáil le Dearbhú Aontaobhach na Ríochta Aontaithe sa Chomhchoiste maidir leis an sásra um thoiliú daonlathach in Airteagal 18 den Phrótacal, meabhróidh an tAontas dó chomh maith cúraimí an Chomhchoiste faoi Airteagal 164 den Chomhaontú um Tharraingt Siar.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha..

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*